C/2025/3176

3.6.2025

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 2 Bealtaine 2025

ar thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí

(CON/2025/9)

(C/2025/3176)

Réamhrá agus bunús dlí

An 4 Aibreán agus an 22 Aibreán 2025, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Pharlaimint na hEorpa, faoi seach, ar thuairim ar thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí ([1]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil forálacha sa Treoir atá beartaithe a dhéanann difear do bhunchúram an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme de bhun Airteagal 127(2) den Chonradh, do chúram CEBC rannchuidiú le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le cobhsaíocht an chórais airgeadais de bhun Airteagal 127(5) den Chonradh, agus do chúraimí BCE a bhaineann le faisnéis staidrimh a bailiú de bhun Airteagal 5 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha**

1.1. Is díol sásaimh do BCE go bhfuil sé beartaithe Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (dá ngairtear 'an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil' ('Capital Requirements Regulation', CRR) anseo feasta) a leasú a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta idirbheart maoinithe urrús ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí a dhéantar le custaiméirí airgeadais faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (net stable funding ratio, NSFR) ar bhealach spriocdhírithe.

1.2. Le caighdeán NFSR arna chomhaontú ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (dá ngairtear 'caighdeán NFSR Basel' anseo feasta), ceanglaítear ar bhainc próifíl chistiúcháin chobhsaí a choinneáil i ndáil le comhdhéanamh a sócmhainní agus a ngníomhaíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe ([3]). Sainmhínítear CGC mar mhéid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil (available stable funding, ASF) i gcoibhneas le méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh (required stable funding, RSF). Chun méid ASF a ríomh, sanntar fachtóirí ASF d'fhoinsí cistiúcháin bainc de réir a gcobhsaíochta coibhneasta, mar shampla ag brath ar aibíocht iarmhair agus claonadh cineálacha éagsúla soláthraithe cistiúcháin chun a gcistiú a tharraingt siar. Ar an gcaoi chéanna, chun méid na RSF a ríomh, sanntar fachtóirí RSF do shócmhainní agus d'ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe bunaithe ar a n-aibíocht iarmhair agus a saintréithe leachtachta. I gcomhthéacs idirbheart iasachta urraithe, tá difríocht idir fachtóirí RSF freisin ag brath ar shaintréithe leachtachta na comhthaobhachta is bun leis na hidirbhearta sin.

1.3. Tuigeann BCE go bhfuil sé beartaithe leis an rialachán atá beartaithe láimhseáil stuamachta shealadach reatha na n-idirbheart maoinithe urrús gearrthéarmach agus na n-idirbheart neamhurraithe a dhéantar le custaiméirí airgeadais a bhuanú, láimhseáil a dhéanfaí, in éagmais aon leasuithe reachtacha, a ailíniú leis an láimhseáil a leagtar síos i gcaighdeán NFSR Basel a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse.

([1]) COM(2025) 146 final.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([3]) Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, Basel III: an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, Deireadh Fómhair 2014, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta ar www.bis.org.

1.4. Maidir le hidirbhearta gearrthéarmacha um maoiniú urrús a bhfuil comhthaobhacht mar thaca leo i bhfoirm sócmhainní leibhéal 1, lena n-áirítear bannaí ceannasacha an Aontais, tá breithniú déanta ag BCE ar thionchar leasú spriocdhírithe an rialacháin atá beartaithe ar fheidhmiú mhargadh na n-idirbheart maoinithe urrús agus ar chobhsaíocht airgeadais ([4]).

1.5. Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag dul in éag an tsocraithe idirthréimhsigh le fachtóirí níos ísle RSF ar idirbhearta gearrthéarmacha a dhéantar le custaiméirí airgeadais ar dháileadh leachtachta agus ar ionsú bannaí rialtais trí mhargaí na n-idirbheart maoinithe urrús Go sonrach, d'fhéadfadh athphraghsáil agus laghdú ar dhoimhneacht na deighleoige margaidh na n-idirbheart maoinithe urrús sin a bheith mar thoradh ar an méadú ar chostais rialála. D'fhéadfadh aighnis den sórt sin teacht chun cinn tráth a bheartaítear leis na hathruithe fógartha ar chreat oibríochtúil an Eurochórais chun beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme spleáchas méadaithe ar mhargadh na n-idirbheart maoinithe urrúsle haghaidh athdháileadh leachtachta ([5]). Thairis sin, d'fhéadfadh laghdú féideartha ar ghníomhaíocht mhargaidh na n-idirbheart maoinithe urrús tionchar a imirt ar mhargaí bannaí ceannasacha ar deireadh, ós rud é go bhfuil nasc docht idir an dá mhargadh. I bhfianaise an mhéid sin, ní éilíonn roinnt dlínsí, amhail na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe, cistiú cobhsaí le haghaidh na n-idirbheart sin arna dtacú le comhthaobhacht i bhfoirm sócmhainní leibhéal 1 ina gcur chun feidhme náisiúnta NFSR (féach an tábla ag deireadh mhír 1.8).

1.6. Ar an taobh eile, tá na breithnithe stuamachta agus cobhsaíochta airgeadais atá taobh thiar de chalabrú chaighdeán NSFR Basel fós bailí ([6]). Go deimhin, d'fhéadfadh sé nach gcumhdófaí go leordhóthanach le fachtóirí Idirthréimhseacha RSF na rioscaí cistiúcháin ó idirbhearta gearrthéarmacha le custaiméirí airgeadais. Go háirithe, má cheanglaítear cistiúchán cobhsaí le haghaidh idirbhearta gearrthéarmacha, lena n-áirítear idirbhearta maoinithe urrús arna dtacú le comhthaobhacht i bhfoirm sócmhainní leibhéal 1, a dhéantar le custaiméirí airgeadais, d'fhéadfaí cuntas níos fearr a thabhairt ar an riosca saincheadúnais a d'fhéadfadh a bheith i gceist, rud a d'fhéadfadh na bainc a dhreasú chun leanúint de bheith ag tar-rolladh cuid dá n-iasachtú gearrthéarmach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh fachtóir dearfach RSF laghdú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh neamhréireanna aibíochta ann idir iasachtú agus cistiú laistigh de chatagóir na n-idirbheart maoinithe urrús gearrthéarmach chomh maith le rioscaí tógálachta idir institiúidí le linn suaití leachtachta.

1.7. Tríd is tríd, i bhfianaise na n-ábhar imní maidir le feidhmiú an mhargaidh agus na n-impleachtaí gaolmhara do chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta, tacaíonn BCE le síneadh a chur leis an láimhseáil atá ann faoi láthair ar idirbhearta maoinithe urrús gearrthéarmacha arna dtacú ag comhthaobhacht i bhfoirm sócmhainní leibhéal 1, mar shampla cúig bliana, mar bheart sealadach, ar cheart dó a bheith faoi réir clásal athbhreithnithe. Tá sé róluath teacht ar an gconclúid gur mó i gcónaí na hábhair imní maidir le feidhmiú an mhargaidh ná cobhsaíocht airgeadais agus sochair mhaoirseachta. Dá bhrí sin, molann BCE teorainn a chur leis an síneadh ama, agus béim á leagan aige freisin ar thiomantas an Aontais do chaighdeáin idirnáisiúnta. D'fhéadfaí an tsaincheist a athbhreithniú arís ansin, agus feidhmiú mhargaí na n-idirbheart maoinithe urrús á chur san áireamh tar éis creat oibríochtúil an Eurochórais a thabhairt chun críche chomh maith le breithnithe stuamachta agus cobhsaíochta airgeadais.

1.8. Maidir le idirbhearta maoinithe urrús gearrthéarmacha a bhfuil sócmhainní eile mar thaca leo chomh maith le hidirbhearta neamhurraithe, bíonn rioscaí cistithe níos airde ag baint le hidirbhearta den sórt sin i gcomparáid leis na hidirbhearta a dtugtar aghaidh orthu thuas ar cheart iad a ghabháil i gceart in NFSR. Maidir le idirbhearta maoinithe urrús, tá saintréithe sócmhainní nach sócmhainní leibhéal 1 iad éagsúil, agus cé go bhfuil cuid acu an-leachtach, ní gá go mbeadh cuid eile sách leachtach chun údar a thabhairt leis an bhfachtóir reatha 5 % RSF. Tá fachtóir RSF 5 % le haghaidh idirbhearta maoinithe urrús a bhfuil sócmhainní eile mar thaca leo íseal i gcomparáid le dlínsí eile (féach an tábla thíos, ag tabhairt dá haire go gcuireann formhór na ndlínsí a chuireann caighdeán NFSR Basel i bhfeidhm nach gcumhdaítear sa tábla calabrú caighdeánach NFSR Basel ábhartha ([7])). Ar an gcaoi chéanna, maidir le hidirbhearta neamhurraithe, tá fachtóir reatha RSF 10 % faoi bhun an fhachtóra 15 % a úsáideann formhór na bpríomhdhlínsí. Fágann na rioscaí cistiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann agus an láimhseáil i ndlínsí eile nach bhfuil údar leis na dialltaí buana atá beartaithe ó chaighdeán NFSR Basel. I bhfianaise an mhéid sin, má tá síneadh le cur le láimhseáil reatha na n-idirbheart sin, ba cheart gur idirbhearta sealadacha amháin a bheadh ann freisin.

([4]) Féach freagairt fhoireann BCE ar ghlao an Choimisiúin Eorpaigh ar fhianaise maidir le leasú spriocdhírithe ar láimhseáil stuamachta idirbheart maoinithe urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, an 7 Márta 2025, ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([5]) Féach an ráiteas ón gComhairle Rialaithe, 'Changes to the operational framework for implementing monetary policy', 13 Márta 2024, agus alt blag BCE 'Repo markets: Understanding the effects of a declining Eurosystem market footprint', 23 Iúil 2024, an dá cheann ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([6]) Féach an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), Tuarascáil ar ghnéithe sonracha de chreat NFSR faoi Airteagal 510(4), (6) agus (9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Eanáir 2024, le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag www.eba.europa.eu. Foilsíodh an tuarascáil laistigh den sainordú a tugadh do ÚBE le hAirteagal 510(6) de CRR.

([7]) Le haghaidh measúnuithe dlínse mionsonraithe ar chur chun feidhme NFSR, féach Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, measúnuithe dlínse RCAP: comhsheasmhacht cur chun feidhme rialála, nuashonrú deireanach an 2 Aibreán 2025, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúntawww.bis.org.

Fachtóirí RSF i bpríomhdhlínsí le haghaidh idirbhearta gearrthéarmacha le contrapháirtithe airgeadais							
An cineál idirbhirt	**AE**	**CA** ([1])	**CH** ([2])	**JP** ([3])	**UK** ([4])	**US** ([5])	**Basel**
Idirbhearta maoinithe urrús arna dtacú ag sócmhainní leibhéal 1	0 %	5 %	10 %	0 %	0 %	0 %	10 %
Idirbhearta maoinithe urrús arna dtacú ag sócmhainní nach sócmhainní leibhéal 1	5 %	10 %	10 % ([6])	15 %	5 %	15 %	15 %
Iasachtaí neamhurraithe	10 %	15 %	15 % ([7])	15 %	10 %	15 %	15 %

([1]) **Ceanada**: féach Oifig Cheannfort na nInstitiúidí Airgeadais, 'Ceanglais Leordhóthanachta (Liquidity Adequacy Requirements, LAR) (2025) Caibidil 3 — Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí', atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialtas Cheanada Oifig Cheannfort na nInstitiúidí Airgeadais ag www.osfi-bsif.gc.ca.

([2]) **An Eilvéis**: féach Comhairle Chónaidhme na hEilvéise, Reacht maidir le Leachtacht Banc agus Gnólachtaí Urrús an 30 Samhain 2012 (Reacht Leachtachta, LiqO; RS 952.06), ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chónaidhme na hEilvéise ag www.fedlex.admin.ch.

([3]) **An tSeapáin**: féach an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, an Clár um Measúnú ar Chomhsheasmhacht Rialála (Regulatory Consistency Assessment Programme, RCAP): Measúnú ar chaighdeán Chóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí Choiste Basel — an tSeapáin, ar fáil ar shuíomh gréasáin BIS ag www.bis.org.

([4]) **An Ríocht Aontaithe**: féach Leabhar Rialacha Údarás um Rialáil Stuamachta Bhanc Shasana — Leachtacht (CRR), ar fáil ag www.prarulebook.co.uk.

([5]) **Na Stáit Aontaithe**: féach Ard-Reachtaire an Airgeadra, an Chúltaca Feidearálaigh agus na Corparáide Feidearálaí Árachais Taiscí, Glanchóimheas Cistiúcháin Chobhsaí: Caighdeáin Tomhais Riosca Leachtachta agus Ceanglais maidir le Nochtadh, 86 Fed. Rialachán 9120 (Feb. 11, 2021), ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chláir Chónaidhme ag www.federalregister.gov.

([6]) Tá feidhm ag fachtóir RSF 10 % maidir le idirbhearta maoinithe urrús arna dtacú ag sócmhainní Leibhéal 2a.

([7]) Tá feidhm ag fachtóir RSF 15 % maidir le idirbhearta maoinithe urrús a bhfuil comhthaobhacht mar thaca leo seachas i bhfoirm shócmhainní leibhéal 1 agus leibhéal 2a, chomh maith le hidirbhearta neamhurraithe.

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 2 Bealtaine 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE